AIR SHASANA.

AS BREATHNÚ SIAR

DONALL MAC AMHLAIBH

DIA MAIRT 23-2-1960

Chaith muid an chéad cuid den lá ag iompar trasnáin. 'Sé chaoi mbíonn siad leagtha le taobh na ráillí againn le cur faoin bpuiteach a cartann muid aníos le áit a dhéanamh do na píopaí mar is furasta go mór an stuif sin a sluasdeáil isteach 'sna bhaigíní má bhíonn 'urlár' maith chothrom faoi. Thug muid amach go colbhú an bhóthair iad go ndeárna muid cruach mhór dhíobh; beidh leorraí ag teacht dá n-iarraidh go lua le iad a thúirt chuig an chéad áit eile a mbeidh muid ag obair. Airím gur go Castlethorpe i mBuckinghamshire a bhéas muid a dhul nuair a bhéas muid réidh annseo.

'Sé an Pinser úr as Tír Eoin a bhí de mo 'mateáil' ag iompar na trasnáin agus dár m'anam gur bhaint muid ancheart dá chéile. Tá cainteannaí an - ghreannúir ar fad aige agus mhairfinn ag éisteacht leis ag cur síos ar na droch shaol a bhí ann roimh an chogaidh. Tá sé sa tír seo ó 1933 — ní rabh sé mórán le scór bhliain an uair sin — agus fearacht gach dá raibh ag náibhíocht i gcaitheamh an ama sin ní féidir leis cuimhní gruama an 'slump' a ruaigeadh amach as a cheann. Ní bheudh aon ghraith agat ag iarraidh obair ar aon ganger an uair úd, deir sé, mura mbeitheá feistí mar ba cheart — bríste moleskin cirt mhuineáil, caipín agus brógaí táirní nó ruibéar ort. Féadfaidh fear a theacht ag iarraidh job ar shuidheamh oibre anois agus má bhíonn fir ag teastáil tiurfar seans dhó a chruthú go dtig leis an obair a dhéanamh; ach an t-am úd déanfaí magadh faoin nduine a theagfadh isteach ar ionad tóigeála i gculaith maith éadaigh agus bróga ísle. "Duine ar bith a bhí in éadan na sluaisde an t-am úd," arsa Tyrine liom, "níor mhisde leis a éasga is a bhéudh job anois. D'oibrigh mé co chruaí an uair úd is gur fhan rún agam é thóigeáil go réidh am ar bith dá bhféadfainn as sin amach." Níl fhios agam nach aige tá an ceart freisin. Dála an chuid is mó de na Pinsirí sin níl aon tóir ar mhnaí aige agus tá seomra dó fhéin aige agus réitíonn sé a bhéilí féin. "Tá muid socar sásta thuas so dteach sin, gan bean ar bith faoi dhíon an tí a'ainn le bheith dhá gcrá," ar seisean. Bhí Gordon mór sin ag cur dhó arís inniu, istigh ins an elefant.

"Tá mé cinnte dearfá go bhfuil 'nerves' ag goilt dom," adeir sé.

"Tuige a n-abruíonn tú é sin?" arsa mise leis.

"Bheul," ar seisean, "am ar bith a mbíonn fonn orm duine eicínt a bhuaileadh, tosuíonn mo shúil clé ag caochadh aistí féin."

Phléasc a rabh ann dúinn amach ag gáire — níor fhéad muid é ceilt — agus thosuigh Gordon ag leigin air annsin gur d'aon gnó chun muid a chur ag gáire adúirt sé an méid sin. Is neamh-urcóideach an diabhal bocht é ar bhealach agus níl naidh ach bheith ós cóir na ndaoine i gcomhnuí. Shíl sé a chur 'na luí orthainn i dtús báire go mba bithiúnach de dhuine a bhí ann ach chonnaic sé annsin nach rabh aon mhaith dhó ansin mar tá fir annseo nach mbeudh a dhath fhaitcíos orthu roimhe, agus tá sé có suáilceach le duine ar bith. Tá sé éirithe as na cleasa lútha agus as bheith ag crochadh meáchain, fiú, ach ní eíreó sé as an mbréagadóireacht có réidh cóudhna, tá faitcíos orm. Nuair a thosuíonn sé, anois, ar scéal eicínt tá níos dí-creidte ná na cinn a chuaidh roimhe, tosuíonn na buachaillí, de churfá dólásach, ag canadh: "I saw a cow climb up a tree," agus bíonn air éirí as an scéal annsin.

Bhí an t-an spraoi ar Ghóilín againn ansin tráthnóna sul má chuaidh muid abhaile. Is amhlaidh a thosuigh sé ag bailiú caortháin beaga ghuail a bhí scaipithe thart idir na ráillí, agus dá shacadh isteach ina mhála lón le thúirt abhaile leis. Thosuigh muid uilig ag déanamh an diabhail air, 'chaon "Gaduí an ghuail" agus "Charlie the robber" dá nglaoch againn air.

"Yerra, sure I have a ton of it ordered with the last fortnight," ar seisean, "and it didn't come yet." Seomra beag amháin tá ag Góilín san Establishment ceudhna a bhfuil Tyrone ann agus is ar éigin a mbeadh áit do céad mheáchan ghuail istigh ann, ná bac le tonna. Thosuigh siad ag liúradh go fonóideach nuair adúirt sé go rabh fhios curtha ar an méid sin aige, ach bhí Góilín indhan acu. "I t'ink some of you gents are getting a bit big for your boots since you started earning all this money; I'll have to have a word with the R.E. when he comes around again and you'll all be back at your respective street corners again," ar seisean agus chroch sé leis a chuid guail. Ní bhíonn freagra de dhíth air aon uair.

DIA CEADAOIN 24-2-1960

Bhí an - spraoi annsin ar maidin againn áit ar thug mé trí chóip de AMARACH liom amach ar an job le thúirt do na lads. Thosuigh Tomás Mór ag léamh amach faoin scéim uisce sin tá le bheith i gConamara agus a chosnóchfas gar do leath mhilliún punt.

"Dhiabhal a Mháirtín," arsa Taidhg leis an nganger, "ba cheart duit an gang a thúirt siar agus gabhfaidh muid uilig ag obair ar an scéim sin."

"Cad mar gheall ar Issach?" arsa an feilméar in nGaeilge.

"Ora cinnte, tiúrfaidh muid Issach linn," arsa Máirtín.

"Dhiabhal, nach é scanntróchfas na daoine má chastar dhóibh é oíche dorcha eicínt!" arsa Tomás; mhínigh sé don fhear gorm annsin, céard faoi a rabh muid.

"Black man go," arsa Issach, "I most certainly will go."

"Caithfidh tú Gaeilge a fholuim ar dtús," arsa Taidhg, "ní bheidh aon graith thiar an bealach sin a'd dá uireasa."

"Will you learn to speak Irish before you go, Issach?' arsa an feilméar.

"What you mean 'Will you learn to speak Irish," adeir Issach leis, "I long time now know how to speak Irish — 'How is she cutting?' and 'It's cat entirely' — Black man know all your language."

Is cosúil go gceapann Issach, fearacht cuid de mhuinntir Shasana, gur Gaeilge an cineál Béarlagar a labhruíonns na náibhithe Eireannacha sa tír seo.

Tá tóir a' diabhail ag Tomás Mór ar peictiúirí uafáis agus chráfadh sé thú ag chur síos orthu théis dó cheann fheiceáil. Chuaidh hé ag breathnú ar cheann acu aréir thuas sa Ritz — peictiúir faoi fhear bhocht a chuaidh san an-méad in geall ar a bheith congarach do rud eicínt a bhí radio - gníomhach. D'fhás an fear seo nó go rabh aoirde Sceilg Mhicíl ann agus chuaidh sé ar mire ceart annsin nuair a chonnaic sé an t-an-bhail a bhí théis a' dhul air. B'shiúd fríd an tír é ag réabadh is ag scriosadh rudaí is ag marú daoine nó gur cheannsuíodh in dheire thiar thall é.

"Bheul dá bhfeicfeá é a Dhónaill," arsa Tomás agus sceón 'na dhá shúil, "dá bhfeicfeá an méid a bhí ann! Bí 'chainnt ar Bhodach a' Chóta Lachtna is ar Fhinn Mhac Cumhaill — óra a mhac go deo thú, nímba tada iad sin le h-ais an bhuachaill seo! nDeamhain coisméag leis nach rabh fad churrach ann agus bhíodh an talamh ag crith faoi 'sé ag siúil! Bhainfeadh sé an tosach de thraen bhí sé có lú sin agus tharraingíodh sé chainnte móra aníos as an dtalamh bhí sé có láidir sin. Bí ag cainnt ar Ghruagach na Seacht gCeann —na seacht mbeann agus an what - you - may - call - it — ní sheasfadh sé dhá tic don mhac seo!"

It ait liom có tóiriúil is tá Tomás ar pheictiúirí mar tá go leor as an dtaobh sin tíre nach ngabhfadh ag bréathnú ar pheictiúr dá bhfághfaidís íochta air; ach ní iarrfadh mo dhuine go deo ach istigh sa bpeictiúrlann, go h-áithrid más cinn uafáis tá dhá 'spáint ann. Chuaidh sé ag féachaint ar "The Stranglers of Bombay" annsin le goirid agus chaith sé an lá dár gcion ag míniú dhúinn faoi'n dóí a dtactfaidís a náimhde le cirt síoda. Teacht amach dó annsin indiaidh an pheictiúir chonnaic sé duine de na n-Indiach sin a chaitheanns turban, 'sé théis a bheith istigh ag an bpeictiúr céadhna.

"Bheul, braith mé an diabhal a bhuaileadh, bhí an oiread sin ghráin a'm ar an gcine sin théis a mbíonn de dhiabhaluíocht ar bun amuich annsin acu," arsa Tomás. Is maith an scéal don Indiach bocht nach rabh sé níos congaraí do fhear Thuar Mhic Eide; bhí an t-ádh ina thurban mar déarfá! Cé gur óige go mór Taidhg ná Tomás, níl sé baol ar a bheith có neamhurcóideach leis agus ní bhfuighfeadh sé sásamh ar bith ar rudaí mar sin. Cheapfainn gur túisce throidfeadh sé freisin, muis. Tá an diabhail orthu le chúpla lá ag carruíocht, agus ghortuigh Tomás a rúitín inniu de bhárr na h-oibre sin. Tá lad as Norfolk bhí sé ag tiomáint do Laing ar an Motar-Bhealach anuraidh) théis a thosú annseo agus tá sé thar a bheith aiclí. Tig leis tuisle a bhaint as Tadhg am ar bith a théighenn siad in ngleic le chéile ach is láidre Tadhg ná é. Tá siad ag spochadh le chéile anois le chúpla lá agus sé'n deire a bhéas leis, tá faitcíos orm, ná go dtiocfaidh olc ar dhuine eicínt den bheirt agus beidh troid annsin ann. Bíodh acu; ní féidir len a leithéide fanacht sochair.

DONALL MAC AMHLAIGH

ÍSLIÚ AR TÁILLÍ SPEISIALTA LEICTREACAS

CAITHEAR GÉILLEAD DO LAOISIC AGUS RÉASÚN, LE BRÚ LEANTAC

FAOI DEIREAD CIAR TÁ AN SCÉALA ANN GO BFUIL ATHRÚ AGUS ÍSLIÚ LE DÉANAMH AR AN TÁILLE SPEISIALTA A BÍOD AG DORD SOLÁTHAR AN LEICTREACAIS, AR DAOINE A BÍ PÍOSA MAIT AR SIÚL ÓNA GNÁC LÍNTE.

IS IOMAD BRÚ A RINNEAD I BPÁIPÉINÍ MAR AMÁRAC AGUS INSAN DÁIL, FAOI AN RÓ-CÍOS SEO A BÍ DORD SOLÁTHAR AN LEICTREACAS A BAINT AMAC AR NA DAOINE A BA IARGÚLTA SAN TÍR.

AC, TÁINIG SÉ CUN CINN AR FAD INSAN DÍOSPÓIREACT AR BÓTA AN AIRE IOMPAIR AGUS CUMACTA, I NDÁIL ÉIREANN, TÁ SEACHTAIN Ó SIN.

AR NA DAOINE AB' FEARR A LABAIR FAOI, BÍ AN tUASAL MICEÁL Ó CEIT, T.D., (Fianna Fáil). Tug sé sompla inoiaid sompla de litreacha a fuarthas ón D.S.L. agus a bí uafásach ar fad. Duine acu go raib gnáth táille 15s. 3d. sa mí le h-íoc aige agus táille speisialta £7-15-2 sa mí. Duine eile go raib gnáth táille 6s 6d. ar leictreachas a thabairt do boitheach ar feirm breise a ceannaig sé faoi scéim na mDearrad, agus £6-9-6 an an boitheach céanna, ceann 's go raib sé trí míle ar siúl ón teach.

Cathaoirleach Pádraic Ó Loingsig T.D. (Muigeo Chuaid) leis an méid adúirt an tUasal Ó Ceit i bí Teachtaí eile a labair go láidir go láidir faoi chomh maith.

Ina freagra, dúirt an tUasal Childers:

"Rinneadh mórán molta faoi cheist seo na dtáillí breise. Tá an Rialtas ag meas gach gné den scéal. Sílim go mbeid sé riachtanach an stáid a scrúdú arís, ag éirí as na moltaí a rinne Teachtaí."

Lean sé a' rá go raib tionscail an bainne agus na hUachtarlanna an tábhachtach, ar fad, agus gur luaig na T.D.'s ar gach taob den Teach, nach dtiocfaid leo a thuiscint cé'n fáth go mbeadh an bord ag baint táillí níos áirde díob ceann 's go raib siad iargúlta.

Dúirt an tUasal Childers go raib siad bunaithe ar cuntaisí matamaticiúil. Fuair seisean cuntas iomlán ar na foirmeacha seo, adúirt sé, agus go cinnte cairdí achreidmiú a déanamh ar an scéal, féachaint an bpéaspaí maolú ar bith a déanamh ar na táillí do na daoine in áiteacha iargúlta. Ní féadfad sé a rá cé'n breith a glacfad an Rialtas de tairbe an scéil. Más mall, is mithid, agus tá sé thar am cothrom na féinne a thabairt do na daoine ins na ceantair iargúlta, go h-áithrid i gceantair Gaeltachta, mar Locair a' Toirc agus na h-áiteacha i mBaile Múirne, a raib an tUasal Creed ag cur ceist púca an lá céanna sa Dáil.

Da mhaith mar labair Riobárd Ó Maolóia, T.D. (Gaillimh Thiar) do na daoine ins na ceantair iargúlta, ar an measachán don Roinn Iompair agus Cumachta.

"Feicim faoin scéim nua," ar seisean, go bfuilfear le timpeall 70 p.c. de na títe a ceangal leis an leictreachas, ar an gnáth ráta, agus timpeall 20 p.c. eile de títe, ar ráta speisialta, nach mbeid níos mó ná leath an gnáth ráta arís."

"Taréis éisteacht leis an Teachta Ó Ceit agus na litreacha a léig sé ón D.S.L. ceisteanna, conus mar a geibeann an D.S.L. na figúirí seo. Táinig an chuid is mó de na Teachtaí a labair faoi na táillí breise seo óna condaetha iarthar-ach. Dúinne, óna condaetha sin, tá sé soiléir thar aon amhras, go bfuil na táillí seo, ní amháin neacothrom, ach éagórach.

"I gcuid de Gaillimh Thiar, an Dáil Ceantar s'agam - sa i gceantar na Gaeltachta, tá -thar ag déanamh mór-iarrachtaí leis an Gaeltacht a chaomnú agus an teanga Gaeilge a choiméad, agus na daoine a choiméad beo insan baile, i iad a stopad ó imeacht go Sasana, Meiriceá agus áiteacha eile. An chaoi is fearr cun sin a déanamh agus iad a choiméad compórdach, sásta sa baile, sea an leictreachas. "Táim-se ag cur mo ghuth leis na guthanna eile anseo inniu agus táim ag iarraidh ar an Aire, macnamh go trom-chúiseach ar deireadh ar fad a cur leis na táillí speisialta seo, nó, ar a laghad, íslíú a n mór a déanamh iontu."

COIR

Sa Dáil, d'fiafraig Liam Mac Cosgair, T.D., Ceannaire Fine Gael, don Aire Rialtas Áitiúil, an raib údarás acu cúisiú a déanamh as briseadh ar bith ar na coinníollacha faoi forál 82 de Act Togcán na Seanaide, Rolla Comhaltaí 1947.

D'fhreagair an tAire Rialtas Áitiúil. Niall Ó Dléine, T.D., nach raib socraithe ar bith fé leith fá coinne cúisiú insan Act, agus gurb iad na gardaí, an t-Ard Aigne nó gné duine ar bith a d'féadfad cúisiú a déanamh.

Deir forál 82 gur coir é tabairt ar duine ar bith páipéar bót -ála a thaispeáint.

CÉIBEANNA I GCORCAÍ

Ag freagairt ceiste ó M. P. Ó Murchú, T.D., dúirt S. Ó Siobúin, rúnaí pairliminte don Aire Airgeadais, go rabhar ag feabsú céib ag Oileán Dóirsig, nuair a bead bealach eachtraithe réitithe ag Comhairle Contae Chorcaí. Bead an obair ag glanad ar siúl carraigeacha agus ag cur suas marc farraige criochnaithe. So rabhar ag súil le tosnú ar céib agus pánán agus balla farraige ag Nare Island, agus go rabhar ag súil le tosaí i mbliana leis air, ag cothramú a déanamh ar an céib, agus cloca seaolte agus lathach a baint de, ag Laurence Cove, Bear Island.